A Bhanbha, is truagh do chor!

[Mhág Craith, Cuthbert: *Dán na mBráthar Mionúr* I, Dublin, 1967, poem 28]

Eoghan Ó Dubhthuigh .cct.

1 A Bhanbha, is truagh do chor!
is iomdha, anocht, ar do thí
chum do chnámh do chreinn go léir;
a aoinMhic Dé, ainic í.

2 Ag siúd sluagh Saxan ad dháil,
a Iaith Fáil, chosnas an chóir;
is fir Alban, do chin uait,
thorut fa gcuairt - is tuar bróin.

3 Narab tusa Saxa óg,
a Bhanbha mhór, is fearr ainm!
oirdheirc thú san gcruinne, a ghráidh;
mosgail, trá, ná caill do ghairm.

4 Is faide nó an chóir do choduil tú
- íseal, fá ghlúin, pobal Dé -
a Mháthair oirdheirc na ríogh,
ná leig síos do chlú réd ré.

5 Ná bíodh ré sluagh deamhan slim;
olc a gcinn chum catha do chlódh:
Cáiptín Lúitér is beag neart
’s cáiptín Cailbhín nach ceart glór.

6 Pádruig do ghénerál féin;
is líor é dhá chur i ndíoth;
cros Chríosd do bhur gcosnamh i n-am;
biaidh neart céad ’s gach duine dhíobh.

7 Do thairngir Colom ar mbrón
’s an fiabhrais mór ort do bhí
’s go mbiaidh iar sion suas do cheall;
tóg do cheann is le[i]g do sgíth.